Clann Lir

Clann Lir

Seo ceann de na scéalta is sine atá againn in Éirinn. Scéal brónach atá ann.

Bhí rí in Éirinn fadó. Lear a bhí air. Bhí sé pósta agus bhí ceathrar páistí aige. Éabha a bhí ar a bhean. Bhí an bheirt acu iontach sásta. Aodh, Conn, Fiachra agus Fionnghuala a bhí ar na páistí. Bhí saol sona sásta ag an teaghlach. Ach fuair Éabha bás agus bhí an teaghlach briste, brúite, brónach. Bhí Lear é féin iontach buartha faoi na páistí. Thuig sé go raibh máthair de dhíth orthu. Mar sin de, shocraigh sé go bpósfadh sé arís. Phós sé bean a raibh Aoife uirthi. Bhí gach rud maith go leor ag an tús. Bhí Aoife sásta leis na páistí. Thug sí aire mhaith don chlann. Ach de réir a chéile chonaic sí go raibh grá ag Lear dá chlann nach mbeadh aige uirthi féin go deo. Bhí sí in éad leis na páistí. Ag an tús rinne sí iarracht an t-éad seo a chur faoi smacht ach theip glan uirthi. D'éirigh sí cruachroíoch. Shocraigh sí ar na páistí a chur chun báis. Labhair sí le saighdiúirí Lir ach dhiúltaigh siad glan sin a dhéanamh.

Ansin, dúirt sí leis na páistí lá amháin go raibh sí ag smaoineamh ar dhul ar thuras lae. Bhí siadsan breá sásta. Bhí amhras ar Fhionnghuala, ámh. Bhí cóiste ag Aoife agus dúirt sí leo go raibh sí ag dul ar thuras faoin tuath.

Ar aghaidh leo go dtáinig siad a fhad le Loch Dairbhreach. Stad Aoife ansin. Bhí lá galánta ann agus dúirt sí leis na páistí go raibh cead acu dul isteach sa loch má ba mhian leo é. Chuaigh siad isteach sa loch. Bhí áthas orthu. Léim siad agus scread siad agus d'imir siad cluichí sa loch, ach i dtobainne bhí uafás agus alltacht orthu. Bhuail Aoife an loch lena slat draíochta. Ní páistí a bhí iontu anois ach ealaí. Ealaí móra bána.

"Cad chuige a ndearna tú sin orainn?" arsa Aoife. "Ní dhearna muid rud ar bith ortsa."

Bhuail aithreachas Aoife ansin. Thuig sí go ndearna sí rud uafásach ar pháistí.

"Ní féidir liom an draíocht sin a athrú. Ach fágfaidh mé bua na cainte agaibh."

D'imigh sí léi. Idir an dá linn bhí Lear ag éirí buartha. Bhí na páistí ar shiúl le fada agus chuir sé a chuid fear amach á lorg. Tháinig siad a fhad leis an loch. Chuala siad na healaí ag caint agus bhí iontas orthu. Mhínigh Fionnghuala do na saighdiúirí faoin drochghníomh a rinne Aoife. Chuaigh siad caol díreach ar ais chuig Lear agus d'inis siad dó faoin rud a tharla. Bhí brón an domhain ar Lear ar dtús. Chaoin sé uisce a chinn. Ní raibh páistí aige ní ba mhó. Cad é a dhéanfadh sé gan na páistí?

Ansin, bhuail taom feirge é. Chuir an taom seo eagla air féin. Chuaigh sé amach fríd an tír ag cuartú a mhná. Ní raibh sí ábalta fanacht i bhfad i bhfolach. Nuair a tháinig sé uirthi d'impigh sí trócaire air. Dhiúltaigh sé glan. Rinne sé deamhan spéire di. Deirtear go bhfuil sí ann ar fad! Níl inti anois ach puth gaoithe. Má bhíonn tú amuigh lá breá samhraidh, agus é iontach te gan gaoth ann, mothaíonn tú puth gaoithe nach maireann rófhada. Bhal, deirtear gur sin Aoife ag dul thart ar Éirinn gan stad gan staonadh.

Cibé ar bith, chuaigh Lear a fhad leis an loch. Bhí a chroí briste. Nuair a labhair sé le Fionnghuala agus leis na páistí eile bhí sé sásta go raibh sé ábalta labhairt leo. D'inis an ghirseach dó go mbeadh siad mar sin ar feadh i bhfad. Bhí trí chéad bliain le caitheamh acu ar an loch. Bhí trí chéad eile le caitheamh acu ar Shruth na Maoile agus trí chéad bliain le caitheamh acu ar an fharraige mhór.

Nuair a chuala Lear seo bhí sé iontach buartha. Thóg sé caisleán ar bhruach an locha. D'fhan sé lena pháistí go dtí go raibh an trí chéad bliain caite. Bhí ceol galánta ag na healaí agus de réir a chéile bhí Lear sásta. Bhí na healaí féin sásta go leor. Ansin, maidin amháin dúirt Fionnghuala go raibh orthu imeacht. Bhí brón ar achan duine. D'éirigh siad in airde spéire agus d'imigh siad leo.

Ní raibh Sruth na Maoile cosúil leis an loch. Bhí sé i bhfad níb fhuaire. Ní raibh aithne acu ar dhuine ná ar dheoraí. Bhí an fharraige garbh agus bhí an geimhreadh iontach fada. Ba mhinic cumha ar na healaí. Chaoin na buachaillí go minic ach bhí Fionnghuala iontach láidir. Labhair sí go cineálta leo agus thóg sí a gcroí.

Dúirt mé go raibh an aimsir fuar. Bhí sé chomh fuar sin uair amháin go raibh na healaí greamaithe do charraig leis an tsioc. Uair amháin eile bhí stoirm mhór ann. Scaipeadh na healaí soir siar ach mhol Fionnghuala dóibh teacht ar ais le chéile ag an charraig chéanna. Rinne siad sin, ach bhí Conn agus Fiachra gortaithe go dona. Thug Fionnghuala aire mhaith don bheirt agus tháinig siad ar ais chucu féin. Is iomaí lá i dtrí chéad bliain ach sa deireadh bhí an t-am istigh.

D'eitil siad siar i dtreo na farraige móire. Chuaigh siad thart le dún Lir. Mo léan, ní raibh fágtha ach ballóga. Bhí siad leo féin. Thuig siad sin go maith anois. Cé nach raibh an aimsir leath chomh holc agus a bhí, bhí siad fuar go leor go minic. Chuala muintir na háite faoi na healaí seo agus bhí siad cineálta leo. Chan na healaí go minic, rud nach ndearna agus iad i Sruth na Maoile.

Chuaigh na blianta thart. Ansin, lá amháin chuala na healaí clog. Chuimhnigh Fionnghuala gur luaigh Aoife clog leo. Dúirt sí go mbeadh siad saor ó na geasa ag an am nuair a chluinfeadh siad an clog seo. Chruinnigh Fionnghuala an ceathrar acu le chéile. Mhínigh sí go raibh an t-am uilig caite. D'éirigh siad amach as an uisce. Bhí manach ina chónaí in aice leo. Chonaic sé iad ag teacht amach as an fharraige. Níorbh ealaí ní ba mhó iad. Seandaoine craptha a bhí iontu. Thug sé aire mhaith dóibh agus bhaist sé iad, agus níor mhair siad i bhfad ina dhiaidh sin.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning